# Téarmaí Tagartha: An Coiste Teagaisc agus Foghlama

## Cuspóir

Bunaíodh an Coiste Teagaisc agus Foghlama, ar fochoiste de chuid na Comhairle Acadúla é, chun maoirseacht straitéiseach, comhairle agus treoir a thabhairt i ndáil le nithe a bhaineann le teagasc, measúnú, forbairt curaclaim agus éispéiris foghlama na mac léinn san Ollscoil trí chéile. Cothófar ar an gcaoi sin timpeallacht oideachais a bheidh idir chuimsitheach agus suimiúil.

An phríomhaidhm atá aige cur le caighdeán agus éifeachtacht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe; nuálaíocht i gcleachtais oideolaíocha a chur chun cinn; tacú le comhaltaí foirne acadúla agus le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach sa chóras oideachais; agus súil a choinneáil ar dhea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Feidhmeanna agus Freagrachtaí:

- **Forbairt Straitéiseach**: Ailínithe le Plean Straitéiseach na hOllscoile; athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí agus polasaithe a chuireann teagasc, foghlaim agus measúnú chun cinn, agus moltaí agus comhairle i ndáil leo a chur faoi bhráid na Comhairle Acadúla agus páirtithe leasmhara eile mar is cuí.
- **Dearbhú Cáilíochta**: Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe, mar is cuí, le go gcinnteofaí caighdeáin arda agus feabhas leanúnach a thagann le dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- **Nuálaíocht**: Dea-chleachtas a aithint agus a chur chun cinn, agus úsáid teicneolaíochtaí oideachais agus nuálaíochtaí oideolaíocha cuí a spreagadh.
- **Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**: Comhoibriú idir lucht acadúil, mic léinn agus aonaid seirbhísí gairmiúla a éascú ar mhaithe le barr feabhais oideachais a chur chun cinn. Breithniú a dhéanamh ar aiseolas ó mhic léinn i ndáil le teagasc, foghlaim agus measúnú mar is cuí, nó nuair atá gá leis, d’fhonn cur le

rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na foirne acadúla a aithint.

- Breithniú a dhéanamh maidir le spásanna Foghlama agus Teagaisc, bonneagar, teicneolaíochtaí agus áiseanna teagaisc agus foghlama san Ollscoil, agus moltaí a dhéanamh ina dtaobh.
- Moltaí a dhéanamh maidir le comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, i réimse an Teagaisc & na Foghlama agus Forbairt na Foirne Acadúla.
- Breithniú a dhéanamh ar a leithéid de thuairiscí ó choistí agus ó oifigí eile de réir mar a bhaineann siad le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú.

## Ballraíocht

- Ainmneofar Leas-Chathaoirleach as measc na mball.
- Is é an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí a thugann faomhadh do bhallraíocht an Choiste Teagaisc agus Foghlama, agus is iad a n-aonaid féin a ainmníonn baill, nó ceapann an Cathaoirleach iad. Téarma trí bliana atá le cur isteach ag gach ball ainmnithe, ach d'fhéadfaí é a athnuachan uair amháin, rud a fhágann gur sé bliana an t-uasmhéid.
- Léireofar riachtanas na hOllscoile go mbeadh cothromaíocht inscne 40% ar gach Coiste Ollscoile i mballraíocht an Choiste Teagaisc agus Foghlama.
- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhaill bhreise nó do shaineolaithe freastal ar chruinnithe mar is gá.

### Ballraíocht an Choiste Teagaisc agus Foghlama:

| **Post** | **Modh Ceaptha** |
|---|---|
| An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach) | Ex Officio |
| Leas-Chathaoirleach | Arna ainmniú laistigh den bhallraíocht |
| An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla | Ex Officio |
| Déan na Mac Léinn | Ex Officio |
| Leas-Déan don Teagasc agus don Fhoghlaim Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh | Ex Officio |
| Leas-Déan don Teagasc agus don Fhoghlaim Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí | Ex Officio |

| | |
|---|---|
| Leas-Déan don Teagasc agus don Fhoghlaim Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte | Ex Officio |
| Leas-Déan don Teagasc agus don Fhoghlaim Choláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta | Ex Officio |
| Uachtarán, Comhaltas na Mac Léinn | Ex Officio |
| An tOifigeach Oideachais, Comhaltas na Mac Léinn | Ex Officio |
| Leabharlannaí na hOllscoile (nó a (h)ainmní) | Ex Officio |
| Stiúrthóir an Ionaid Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc (CELT) | Ex Officio |
| Stiúrthóir Cúnta an Ionaid Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc (CELT) | Ex Officio |
| An tOifigeach Sláine Acadúla | Ex Officio |
| An Stiúrthóir Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise (nó a (h)ainmní) | Ex Officio |
| Stiúrthóir an Ionaid Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh (CALPD) | Ex Officio |
| An Stiúrthóir Feabhais | Ex Officio |
| Ionadaí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge | Ex Officio |
| Stiúrthóir na Clárlainne | Ex Officio |
| Ceann an Ionaid Forbartha Gairmeacha | Ex Officio |
| Ceannaire an Tionscadail Aitheantais Réamhfhoghlama | Ex Officio |
| Oifigeach na Gaeilge | Ex Officio |
| Leas-Uachtarán don Ghaeilge, Comhaltas na Mac Léinn | Ex Officio |
| Ceann na dTionscadal Straitéiseach, Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí | Ex Officio |
| Riarthóir Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí | (i láthair) |

## Rúnaíocht

Is í Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí a chuireann Rúnaíocht ar fáil don Choiste Teagaisc agus Foghlama agus beidh sí freagrach as an taifead tinrimh agus miontuairiscí cruinnithe a choinneáil.

## Coimhlintí Leasa

Beidh baill an Choiste freagrach go pearsanta as aon choimhlint leasa má tá a leithéid ann nó má bhraitear go bhfuil a leithéid ann a thagann chun cinn i ndáil le haon cheann de na míreanna ar chlár oibre chruinnithe an Choiste. Chuige sin, an chéad mhír ar an gclár oibre ag gach cruinniú den Choiste ná dearbhú aon choimhlintí leasa.

- Sa chás go dtagann coimhlint leasa chun cinn, cuirfidh ball Coiste in iúl don Chathaoirleach í agus, más gá, fágfaidh an té atá i gceist an cruinniú fad is atá an plé ar siúl agus ní bheidh sé/sí páirteach in aon chinntí i ndáil leis an ní atá i gceist. Beidh a leithéid de shocruithe i bhfeidhm maidir le cáipéisí ábhartha cruinnithe sa mhéid is nach gcuirfear na cáipéisí sin ar fáil don bhall Coiste a luaithe is a bheith coimhlint leasa fhéideartha dearbhaithe. Déanfar dearbhuithe maidir le coimhlintí leasa a nótáil i miontuairiscí chruinniú an Choiste.

## Seoladh Gnó

- Tionólfar gnáthchruinnithe den Choiste Teagaisc agus Foghlama ach treoir a bheith faighte ón gCathaoirleach, go hiondúil ceithre huaire i rith na bliana acadúla. Foilseofar dátaí sealadacha dá leithéid de chruinnithe roimh ré.
- Féadfaidh an Cathaoirleach cruinniú Speisialta den Choiste Teagaisc agus Foghlama a thionól ag am ar bith.
- Is é/ían tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí a bheidh ina c(h)athaoirleach ar an gCoiste Teagaisc agus Foghlama. Sa chás nach bhfuil an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí in ann cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinniú, is é/í an Leas-Chathaoirleach a dhéanfaidh cathaoirleacht air.
- Seo a leanas sonraí maidir leis an gcóram do chruinniú den Choiste Teagaisc agus Foghlama:
    - Sa chás gur uimhir chothrom líon na mball ar an gCoiste, leath na mball a bheith i láthair, móide duine amháin.
    - Sa chás gur uimhir chorr líon na mball ar an gCoiste, leath na mball a bheith i láthair agus an uimhir sin

a bheith slánaithe anuas go dtí an tslánuimhir is gaire, móide duine amháin.

- Déanfar cinneadh, a mhéid agus is féidir, maidir le gach saincheist a thagann chun cinn ag cruinniú den Choiste trí chomhaontú ach sa chás go bhfuil an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí, nó an ball atá ainmnithe ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú, den tuairim nach mbeifear in ann teacht ar chomhaontú, déanfar an tsaincheist a chinneadh trí thromlach vótaí na mball atá i láthair agus ag vótáil.
- Beidh vóta réitigh chomh maith le vóta breithniúcháin ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí ag cruinnithe den Choiste Teagaisc agus Foghlama.
- Foilsítear dátaí agus amanna chruinnithe an Choiste Teagaisc agus Foghlama roimh ré ar shuíomh gréasáin na hOllscoile don bhliain acadúil iomlán. Roinnfidh Rúnaí an Choiste Teagaisc agus Foghlama an t-eolas sin an athuair le gach ball den Choiste ar a laghad seachtain amháin roimh dháta an chruinnithe.
- Is í Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí a chuirfidh an clár oibre do gach cruinniú den Choiste Teagaisc agus Foghlama i dtoll a chéile agus seolfar chuig gach ball den Choiste é ar a laghad seachtain amháin roimh an gcruinniú.
- Ba cheart do bhaill ar mian leo ionchur a bheith acu sa chlár oibre dul i gcomhairle leis an Rúnaí ar a laghad coicís roimh an gcruinniú atá i gceist.

## Tuairisciú

- Cuirfear Miontuairiscí chruinnithe an Choiste Teagaisc agus Foghlama faoi bhráid na Comhairle Acadúla ag a céad chruinniú eile.
- Cuirfidh an Coiste Teagaisc agus Foghlama tuairiscí faoi bhráid na Comhairle Acadúla nuair a éilítear a leithéid agus, sa chás gur cuí, cuirfidh sé moltaí faoi bhráid na Comhairle Acadúla.

## Athbhreithniú

- Déanfar athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Teagaisc agus Foghlama uair amháin gach trí bliana.